// Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 309

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

16 Lúnasa 2022

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 309/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10652 — MOL / LOTOS PALIWA) (1) ..... 1

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 309/02 Rátaí malairte an euro — 12 Lúnasa 2022 ..... 2

2022/C 309/03 Rátaí malairte an euro — 15 Lúnasa 2022 ..... 3

**An Chúirt Iniúchóirí**

2022/C 309/04 Tuairim 03/2022 *(de bhun Airteagal 322 (2), CFAE)* maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh [2022/0071 (NLE)] ..... 4

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

2022/C 309/05 Fógra de bhun Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa a bhaineann le leachtú agus foirceannadh Cyprus Popular Bank Public CO LTD (Institiúid creidmheasa de chuid na Cipire atá faoi leachtú) (an “Chuideachta”) ina dhiaidh sin ..... 5

GA

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 309/06 | Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M-10865 – ASTORG / IPCOM) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe [1] | 6 |


GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 309/07 | dFoilsiú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhormheas de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 | 8 |


(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10652 — MOL / LOTOS PALIWA)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 309/01)

An 15.7.2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10652. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**12 Lúnasa 2022**

(2022/C 309/02)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0285 | CAD | dollar Cheanada | 1,3148 |
| JPY | yen na Seapáine | 137,47 | HKD | dollar Hong Cong | 8,0600 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4395 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,5985 |
| GBP | punt steirling | 0,84715 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4106 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,4515 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 342,59 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9689 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 16,7318 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 140,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,9352 |
| NOK | krone na hIorua | 9,8130 | HRK | kuna na Cróite | 7,5138 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 15 104,20 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,380 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,5709 |
| HUF | forint na hUngáire | 392,30 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 57,246 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6773 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,8915 | THB | baht na Téalainne | 36,393 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,4733 | BRL | real na Brasaíle | 5,3007 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4496 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,4925 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 81,9935 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Rátaí malairte an euro** ([1])

**15 Lúnasa 2022**

(2022/C 309/03)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0195 | CAD | dollar Cheanada | 1,3167 |
| JPY | yen na Seapáine | 135,61 | HKD | dollar Hong Cong | 7,9899 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4373 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6002 |
| GBP | punt steirling | 0,84375 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4036 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,4980 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 336,35 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9631 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 16,7375 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 140,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,9050 |
| NOK | krone na hIorua | 9,8710 | HRK | kuna na Cróite | 7,5028 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 15 042,36 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,460 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,5465 |
| HUF | forint na hUngáire | 398,60 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 57,122 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6858 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,8849 | THB | baht na Téalainne | 36,218 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,3143 | BRL | real na Brasaíle | 5,2268 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4508 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,3914 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 81,0610 |

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

**Tuairim 03/2022**

*(de bhun Airteagal 322 (2), CFAE)*

**maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh [2022/0071(NLE)]**

(2022/C 309/04)

Tá tuairim 03/2022 (de bhun Airteagal 322(2), CFAE) maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh [2022/0071(NLE)] foilsithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Más maith leat an tuairim a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61904

# FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

## Fógra de bhun Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa a bhaineann le leachtú agus foirceannadh Cyprus Popular Bank Public CO LTD (Institiúid creidmheasa de chuid na Cipire atá faoi leachtú) (an "Chuideachta") ina dhiaidh sin

(2022/C 309/05)

**Fógra maidir le cruthúnas ar fhiach ag creidiúnaithe na Cuideachta**

**Oifig Chláraithe: 134 Limassol Avenue, 3rd Floor, 2015, Strovolos, Nicosia, An Chipir**

De bhun an chinnidh ó Chúirt Dhúiche Nicosia arna eisiúint an 31 Bealtaine 2022 i ndáil le hiarratas uimh. 1/2021 arna chomhdú ag Banc Ceannais na Cipire faoi fhorálacha airteagal 33B den Dlí um Ghnó na nInstitiúidí Creidmheasa, 66(I)/97, arna leasú, eisíodh na horduithe cúirte chun an Chuideachta a leachtú agus mé a cheapadh mar leachtaitheoir,

De bhun an Ordaithe ó Chúirt Dúiche Nicosia dar dáta an 17 Meitheamh 2022, is ceadmhach síneadh ama a chur leis an tréimhse inar féidir le creidiúnaithe a bhfiacha nó a n-éilimh a chruthú suas go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2022 agus an dáta sin san áireamh, chomh maith le síneadh ama a chur leis an tréimhse inar féidir leis an Leachtóir scrúdú a dhéanamh ar chruthúnas ar fhiach gach creidiúnaí, go dtí 150 lá ón dáta a cuireadh isteach gach cruthúnas ar fhiach.

Thairis sin, de bhun an ordaithe ó Chúirt Dúiche Nicosia dar dáta an 1 Iúil 2022, is go leictreonach a dhéanfar próiseas an chruthúnais ar fhiachas. Gach creidiúnaí a bhfuil éileamh acu i gcoinne na Cuideachta agus ar mian leo a n-éileamh a chur isteach go leictreonach, iarrtar air cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin a leanas https://registration.appadvisory.eu/register agus cloí leis na treoracha maidir lena sonraí a chur isteach chun sonraí uathúla logála isteach a fháil do Thairseach Creidmheasaí an leachtaithe.

Déanfar gach fógrán ábhartha i ndáil leis an leachtú a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin seo a leanas

https://www.ips-docs.com/case/22WUC009CYP/Gn8@pXmv

Augoustinos PAPATHOMAS

*Leachtaitheoir*

*Gníomhaíonn an leachtaitheoir mar ionadaí na Cuideachta, gan aon dliteanas pearsanta*

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M-10865 – ASTORG / IPCOM)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 309/06)

1. An 4 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Astorg VIII SCSpl ("Astorg Fund VIII" nó "Acquirer", Lucsamburg), atá á bhainistiú ag Astorg Asset Management S.à.r.l. ("AAM", Lucsamburg), atá á rialú é féin ag Astorg Group S.á.r.l. ("Astorg Group", Lucsamburg) (Astorg Group in éineacht le Astorg Fund VIII agus cistí eile atá á mbainistiú ag AAM, "Astorg");

— Isolstar Holding ("IPCOM", an Bheilg).

Gheobhaidh Astorg rialú aonair ar IPCOM ina iomláine , de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de Astorg é Astorg Fund VIII, ar gnólacht cothromais phríobháidigh Eorpach é. Tá oifigí aige freisin i Londain, i bPáras, i Milano, in Frankfurt agus i Nua-Eabhrac. Tá infheistíocht déanta ag cistí de chuid Ghrúpa Astorg i réimse leathan tionscal.

— Is gníomhaí tionsclaíoch Eorpach é IPCOM, a bhfuil a cheanncheathrú sa Bheilg, ar gníomhaí é atá speisialaithe i réitigh inslithe agus a fhreastalaíonn ar réimse tionscal e.g. tógáil, longthógáil, tionscal próiseála, fuinneamh, peitriceimiceán, mótarfheiclí, fearais tí, etc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10865 – ASTORG / IPCOM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**dFoilsiú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhormheas de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

(2022/C 309/07)

Tá an mionleasú sin formheasta ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ([1]).

Is féidir an t-iarratas ar fhormheas an mhionleasaithe sin a fheiceáil sa bhunachar sonraí *e*Ambrosia de chuid an Choimisiúin.

DOICIMÉAD AONAIR

**"PLÁTANO DE CANARIAS"**

**Uimh. AE: PGI-ES-0867-AM01 – 10.1.2022**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm**

"Plátano de Canarias"

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Clúdaíonn an Tásc Geografach faoi Chosaint "Plátano de Canarias" bananaí de chineál Cavendish an speicis Musa acuminata Colla (AAA), a fhástar sna hOileáin Chanáracha lena n-ithe úr tar éis dóibh a bheith ullmhaithe agus pacáilte.

Dath glas a bhíonn ar an gcraiceann nuair a bhaintear iad agus athraíonn sin go buí geal faoin am a itear iad, agus is imireacha bána marmair, uachtair nó buí a bhíonn ar an laíon.

Mar sin féin, tá na flioscaí donna ar an gcraiceann ina ngné aitheanta anois agus tá siad ar cheann de na bealaí a n-aithníonn tomhaltóirí "Plátano de Canarias".

Tá na heinsímí ocsaíodáis polaifeanóil agus sárocsaíodáis an-ghníomhach i "Plátano de Canarias", agus iad ag feidhmiú mar chatalaígh san ocsaídiú as a dtagann donnú an chraicinn. Is furasta an tréith seo a fheiceáil de réir mar a aibíonn na bananaí toisc go mbíonn floscaí donna le feiceáil ar an gcraiceann nó go mbíonn an planda níos soghabhalaí i leith ballbhrú. Is iad na flioscaí donna ar an gcraiceann gné idirdhealaitheach "Plátano de Canarias", "cáil de bharr na bhflioscaí".

Tá cuma dhronuilleogach ar "Plátano de Canarias" agus í cuartha go maith, agus is cúinge í gar don ghas.

Tá an grádú, atá éigeantach, bunaithe ar fhad agus ar thiús na dtorthaí agus is iad 14 cm agus 27 mm faoi seach na híosluachanna.

([1]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Is iad seo a leanas na hairíonna ceimiceacha is tábhachtaí atá ag "Plátano de Canarias":

— Stáirse faoi bhun 8.

— Siúcraí iomlána níos airde ná 10.

Sloinntear an cion stáirse agus an cion iomlán siúcra araon i ngraim in aghaidh 100 gram de laíon aibí.

Is gnéithe idirdhealaitheacha den táirge iad an cion íseal stáirse agus an cion ard siúcra iomlán.

Tugtar achoimre thíos ar phríomhthréithe idirdhealaitheacha "Plátano de Canarias":

— Blas milis dian mar gheall ar an gcion ard siúcra agus an cion íseal stáirse

— Dea-bholadh dian banana (impacto Plátano) a eascraíonn as cion ard-aicéatáite iseamile agus bútanóáite heicsile:

  Is aicéatáit 3-meitilbúitile nó aicéatáit iseamile í a thugann don táirge a dhea-bholadh dian banana (impacto a Plátano). De réir na staidéar atá ar fáil, is léir go bhfuil tiúchan an chomhdhúile sin níos airde in "Plátano de Canarias" ná mar atá i mbananaí a fhástar in áiteanna eile. Ar an gcaoi chéanna, tá comhdhúile eile in "Plátano de Canarias" atá nasctha leis an ngnáth-dhea-bholadh bananaí, amhail bútanóáit heicsile. Mar sin féin, ní féidir an chomhdhúil seo a bhrath i mbananaí ó áiteanna eile.

— Flioscaí dorcha tipiciúla ar an gcraiceann banana mar gheall ar leibhéil arda gníomhaíochta na n-einsímí ocsaíodáis polaifeanóil agus sárocsaíodáis, a ghníomhaíonn mar chatalaígh in imoibrithe ocsaídiúcháin agus arb iad is cúis le donnú.

3.3. *Beatha (do tháirgí de bhunús ainmhíoch amháin) agus amhábhair (do tháirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór "Plátano de Canarias" a fhás laistigh den limistéar geografach atá sainithe le haghaidh an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint.

Mar sin féin, féadfar bananaí a chumhdaítear le TGFC "Plátano de Canarias" a aibiú agus a phacáistiú lasmuigh den limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainm agus lógó TGFC "Plátano de Canarias" a phriontáil go soiléir ar an bpacáistíocht, mar aon le lógó an Aontais Eorpaigh, agus aon fhaisnéis eile a éilítear go ginearálta faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Seo a leanas lógó TGFC "Plátano de Canarias":

— Pantone 295 (gorm), ar chúlra an ubhchrutha.

— Pantone 347 (glas) ar na duilleoga banana agus imlíne an bhanana.

— Pantone 109 (buí) ar an mbanana.

4. **Sainiú gonta ar an limistéar geografach**

Is é oileánra na nOileán Canárach limistéar geografach táirgthe na mbananaí a chumhdaítear le TGFC “Plátano de Canarias” agus cuimsíonn sé an talamh talmhaíochta go léir atá suite faoi bhun 500 méadar os cionn leibhéal na farraige.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

a) *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh:*

Tá oileánra na nOileán Canárach suite amach ó chósta thiar thuaidh na hAfraice, idir 27º 37’ agus 29º 25’ ó thuaidh. De bharr an tsuímh seo, in éineacht leis na trádghaotha agus leis an sruth fionnuar Canárach, tá aeráid ann a aicmítear mar aeráid fhothrópaiceach thais agus bíonn an teocht séimh agus an bháisteach íseal.

Is meánteochtaí cothroma aonfhoirmeacha a bhíonn ann i rith na bliana go léir. Ar an gcósta, tá an meán thart ar 20 ° C, ach ag airdí níos airde tagann laghdú suntasach ar an teocht agus is mó é an luaineacht laethúil.

Tá na teochtaí séimhe agus na gaotha fliucha a shéideann thar na hoileáin ina gcúis le forbairt mhall an phlanda agus leis an am aibithe níos faide, agus bíonn tionchar suntasach acu ar shaintréithe idirdhealaitheacha “Plátano de Canarias”.

b) *Sainiúlacht an táirge:*

Is éard atá i mbananaí TGFC “Plátano de Canarias” bananaí TGFC a bhfuil cuma dhronuilleogach orthu, iad cuartha go maith, 14 cm ar a laghad ar fhad, tiús íosta 27 mm orthu, blas milis dian orthu agus flioscaí donna ar an gcraiceann.

Is iad na flioscaí sin an ghné aitheantais agus an phríomhthréith lena n-aithníonn tomhaltóirí “Plátano de Canarias”.

Go teicniúil, is í gníomhaíocht einsímí sonracha áirithe is cúis leis na flioscaí ar an gcraiceann, go háirithe ocsaíodáis polaifeanóil agus sárocsaíodáis.

Sa staidéar tacaíochta a ghabhann leis an bhfeidhmchlár TGFC “Plátano de Canarias”, déantar na sonraí maidir leis na paraiméadair sin le haghaidh “Plátano de Canarias” a chur i gcomparáid leis na sonraí maidir le bananaí a fhástar in áiteanna eile, agus is léir go bhfuil i bhfad níos mó flioscaí ar bhananaí “Plátano de Canarias” ná mar atá ar bhananaí eile sa mhéid is gur gné idirdhealaitheach anois iad.

Scrúdaítear sa staidéar céanna sainiúlacht an táirge ó thaobh cothaithe de, agus tá difríochtaí suntasacha léirithe ag anailís chuimsitheach idir cothaithigh in “Plátano de Canarias” agus i mbananaí a fhástar in áiteanna eile ar fud an domhain: Is lú an cion stáirse agus is mó an cion siúcraí intuaslagtha in “Plátano de Canarias”, rud a chuireann lena mhilseacht. Tá níos mó potaisiam agus fosfair agus níos lú sóidiam agus cailciam ann freisin ná mar atá i mbananaí a fhástar in áiteanna eile. Deimhnítear leis na difríochtaí tábhachtacha sin gur táirge difriúil é “Plátano de Canarias” i gcomparáid le bananaí a fhástar in áiteanna eile ar domhan. (Forster et al. 2002).

c) *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht, clú agus cáil an ainm “Plátano de Canarias”:*

Is iad cáilíocht, clú agus cáil an ainm na forais le hiarratas a dhéanamh ar “Plátano de Canarias” a chlárú mar Thásc Geografach Faoi Chosaint. Mar sin féin, is trí mheascán de thosca stairiúla, nádúrtha agus daonna a tharla gurb ann don “Plátano de Canarias” tipiciúil.

Tá oileánra na nOileán Canárach suite amach ó chósta thiar thuaidh na hAfraice, idir 27º 37’ agus 29º 25’ ó thuaidh. Tá tionchar cinntitheach ag an suíomh seo ar shaintréithe na haeráide, a aicmítear mar aeráid fhothrópaic thais agus bíonn an teocht séimh agus an bháisteach íseal.

Mar gheall ar shuíomh na nOileán Canárach san Aigéan Atlantach, i lár an bhanda fothrópaicigh agus thiar ó mhór-roinn na hAfraice, is sonrach saintréithe a n-aeráide. Tagann aeráid an limistéir ina bhfuil an t-oileánra lonnaithe as idirghníomhú dhá thacar tosca a oibríonn go neamhspleách ar a chéile. Ar thaobh amháin, tá dinimic atmaisféarach fothrópaiceach, agus ar an taobh eile, tá rilíf ghéar ag formhór na n-oileán, tá siad faoi thionchar srutha farraige fhionnuair agus suite in aice le mórchríoch talún.

Tá na hOileáin Chanáracha ar an teorainn gheografach agus ar an teorainn clíomeolaíochta le haghaidh fás bananaí, toisc go dteastaíonn teocht te 25-27 °C ón bplanda agus go ndéantar difear don phlanda ag 16 °C agus ag 14 °C stopann sé ag fás.

Is le carnadh na laethanta a bhíonn an teocht os cionn 14 °C a shainítear an timthriall crann bananaí, agus is é sin an fáth go mbíonn tionchar ag teochtaí séimhe na nOileán Canárach agus na gaotha fliucha a shéideann thar an oileánra ar fhorbairt mhall an phlanda i gcomparáid le barra bananaí sna trópaicí.

An tréimhse fáis agus an tréimhse aibithe níos faide (suas le 3 mhí breise ar an bplanda), is é sin is cúis leis na saintréithe idirdhealaitheacha a bhaineann le "Plátano de Canarias", stáirse íseal agus cion ard siúcra, arb é siúcrós an chuid is mó de.

Is leis na dálaí seo a chinntear an ghníomhaíocht einsíme, mar a bhíonn leibhéil arda gníomhaíochta catalaíoch a dhéanann na torthaí a dhonnú. Bíonn flioscaí donna ar an gcraiceann arb é atá iontu gné idirdhealaitheach "Plátano de Canarias", "cáil de bharr na bhfloscaí".

Tá tionchar mór ag tosca comhshaoil ar shaintréithe na dtorthaí, mar shampla solas, teocht, uisce, ithir, taise choibhneasta, gaoth, etc. agus déanann na hathróga seo go léir difear d'fhorbairt fhiseolaíoch an phlanda, rud a fhágann go mbíonn na saintréithe sonracha a thuairiscítear thuas ann.

De bharr shuíomh geografach na nOileán Canárach i ndáil leis an margadh mórthíre bíonn an tréimhse iompair an-ghearr, i gcomparáid le bananaí ó chodanna eile den domhan, rud a fhágann gur féidir na torthaí a ghearradh nó a bhuaint ag céim aibíochta níos airde agus dá bhrí sin bíonn saintréithe orgánaileipteacha níos fearr acu agus is táirge ar chaighdeán níos fearr a shroicheann an tomhaltóir.

Rinneadh clú agus cáil "Plátano de Canarias" a dheimhniú le go leor tagairtí stairiúla sa phreas, sa litríocht, etc. agus tá roinnt samplaí ón bpreas leagtha amach thíos:

Nuachtán La Vanguardia, Dé Céadaoin 25 Bealtaine 1921, leathanach 11

"...iarrtar ar an Rialtas tionchar a imirt ar údaráis na Gearmáine, ionas go n-údaróidh siad allmhairiú Plátano de Canarias isteach sa Ghearmáin, allmhairiú ar cuireadh toirmeasc air na míonna ó shin...".

Nuachtán La Vanguardia, Dé Máirt an 24 Meitheamh 1930, leathanach 32

"Gheall an tUasal Matos, a thuigeann cé chomh tábhachtach is atá táirgeadh bananaí do na hOileáin Chanáracha, a áirithiú go ndéanfadh a Aireacht a dícheall tacú leis an iarracht sin".

Nuachtán La Vanguardia, Dé Máirt an 21 Samhain 1970, leathanach 8

"Tá feachtais chur chun cinn Plátano de Canarias ag tosú arís".

Sampla eile de chlú agus cáil "Plátano de Canarias" is ea na conclúidí a baineadh as *Estudio del Mercado del Plátano en España y Portugal* [staidéar ar an margadh bananaí sa Spáinn agus sa Phortaingéil] a rinne an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in 2002, inar thángthas ar an tátal gur féidir a rá go catagóireach go dtaitníonn bananaí le tromlach glan tomhaltóirí, gan beann ar ghnéas, aois, aicme shóisialta agus áit chónaithe, agus go gceanglaíonn siad go pras spontáineach iad leis na hOileáin Chanáracha.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.gobiernodecanarias.org/cmsgobcan/export/sites/agp/icca/galerias/doc/calidad/PLIEGO-DE-CONDICIONES-MODIFICADO-1.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA